# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# State Examinations Commission

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2024

---

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICHNEOLAÍOCHT

(Ardleibhéal – 300 marc)

---

**DÉARDAOIN, 6 MEITHEAMH** **MAIDIN 9:30 – 12:30**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**TREORACHA**

1. Freagair **SÉ** cheist **ar bith.**

2. Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

3. Ní mór na freagraí uile a scríobh i ndúch ar an bhfreagarleabhar a chuirtear ar fáil.


4. Ba chóir na léaráidí a tharraingt le peann luaidhe.

5. Cuirtear páipéar cearnaithe ar fáil le haghaidh graf, de réir mar is gá.

6. Cuir lipéad agus uimhir go cúramach ar gach ceist a dtéitear ina bun, le do thoil.

**Ceist 1.** **(50 marc)**

Freagair **deich gcinn ar bith** acu seo a leanas **go hachomair**:



**(a)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an teicneolaíocht aghaidh-aitheanta.

**(b)** Ainmnigh **dhá** ghuais (chontúirt) a bhaineann le greamacháin a úsáid san innealtóireacht.



**(c)** I mbeacht-tomhas, mínigh cad a chiallaíonn *earráid saobhdhiallais*.

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a mbainfí úsáid as deasc sheasaimh ríomhaire sa tionsclaíocht.

**(e)** Pléigh an méid a chuir duine **amháin ar bith** acu seo leis an teicneolaíocht:

**(i)** Viktor Kaplan **(ii)** James Watt **(iii)** Gaston Planté.



**(f)** Déan cur síos ar **dhá** airí thábhachtacha de chuid an ábhair is gá a chur san áireamh agus ábhar oiriúnach á roghnú le haghaidh cosantóir fiacla.




**(g)** Luaigh **dhá** chúis a ndéanfaí an barra dín a thaispeántar as alúmanam.

**(h)** Tá stiall leaistiméire ar an mbarra dín chun greim a choinneáil ar earraí a bhíonn á n-iompar. Mínigh an téarma *leaistiméir*.

**(i)** Déan cur síos go hachomair ar an bpróiseas *easbhrú miotail* a úsáidtear chun próifíl alúmanaim an bharra dín a mhonarú.

**(j)** Cuir i gcomparáid na heangaitheoirí a úsáidtear i dtástálacha cruais Brinell agus Vickers **araon**.

**(k)** Idirdhealaigh idir piri-miotaleolaíocht agus hidri-miotaleolaíocht.

**(l)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le huirlisí cumhachta gan sreang.



**(m)** Is féidir grianphainéil a chlaonadh chun an méid is mó is féidir den ghrianfhuinneamh a cheapadh. Mol meicníocht oiriúnach a d’fhéadfaí a úsáid chun grianphainéal a chlaonadh.

**Ceist 2.** **(50 marc)**

Freagair **gach ceann** de na ceisteanna seo a leanas:

**(a)** Tá an loingseoireacht tar éis iompar earraí ar fud an domhain a athrú ó bhonn. In 2021, measadh gur ar longa coimeádán a iompraíodh 80% de thoirt na n-earraí go léir a iompraíodh.



**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le húsáid fhorleathan long coimeádán in iompar earraí.


**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** ghuais nach mór do longa coimeádán a shárú agus iad ag taisteal ar an bhfarraige.

**(b)** Cuirtear síos ar longa coimeádán de ghnáth i dtéarmaí toilleadh ACFT (TEU i mBéarla).

**(i)** Mínigh an téarma ACFT.

**(ii)** Idirdhealaigh idir na longa coimeádán seo: Friothálach, Panamax agus Soitheach Coimeádán Ollmhór (ULCV).


**(c)** **(i)** Is liáin chré-umha teilgthe, a bhféadfadh trastomhas de suas le 10m a bheith iontu, is minic a thiomáineann longa coimeádán. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le cré-umha a úsáid i liáin long coimeádán.



**(ii)** Cuir síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar an gcaoi a gcoinnítear cobhsaíocht long coimeádán. Bíodh tagairt agat do *mheáchanlár* **agus** do *chruth na cabhlach*.

**(d)** **(i)** Pléigh an úsáid a bhaintear as inneall díosail débhuilleach i gcás long coimeádán agus tagairt agat do luas **agus** tiomáint.

**(ii)** Agus léaráid(í) mar chabhair agat, tabhair breac-chuntas ar mhodh **amháin** a úsáidtear i stiúradh long coimeádán.



*Inneall díosail débhuilleach i long coimeádán*

**(e)** Pléigh an tionchar timpeallachta atá le **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas maidir leis an teicneolaíocht a bhaineann le longa coimeádán:

**(i)** Bainistiú uisce ballasta.

**(ii)** Sceitheadh ola.

**(iii)** Astaíochtaí.

**Ceist 3.** **(50 marc)**

**(a)** Déantar na loirgneáin shaincheaptha a thaispeántar trí bhogearraí scanta coirp 3T a úsáid, agus monaraítear iad as ábhar snáithín carbóin. Déantar tástáil righnis ar na hábhair a úsáidtear sna loirgneáin sula monaraítear iad.




**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le loirgneáin shaincheaptha snáithín carbóin.

**(ii)** Sainmhínigh an téarma *righneas ábhair*.

**(iii)** Cuir síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar ghnáthamh tástála a úsáidtear chun righneas ábhair a fháil amach.

**(b)** Fuarthas na torthaí thíos ó thástáil teanntachta ar shampla cóimhiotail alúmanaim.

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Strus (N/mm$^2$)** | 45 | 90 | 135 | 200 | 275 | 308 | 335 | 345 | 340 |
| **Straidhn (x1000)** | 0.50 | 1.00 | 1.50 | 2.25 | 3.25 | 4.00 | 5.00 | 6.50 | 7.50 |

**(i)** Úsáid an grafpháipéar atá ar fáil agus breac léaráid struis is straidhne don chóimhiotal.

**(ii)** Ríomh Modal Leaisteachais Young don chóimhiotal.

**(iii)** Cuir síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar na téarmaí seo thíos a bhaineann le tástáil teanntachta:

- caolú
- briseadh cupáin agus cóin.

**(c)** Úsáidtear cóimhiotal alúmanaim chun géag nascála a dhéanamh le haghaidh fearas tuirlingthe eitleáin.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a n-úsáidtear tástálacha neamhscriosacha le linn tháirgeadh na géige nascála.

**(ii)** Cuir síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar thástáil neamhscriosach oiriúnach **amháin** a d'fhéadfaí a úsáid leis an ngéag nascála alúmanaim a scrúdú le haghaidh fabhtaí inmheánacha.



*Géag nascála alúmanaim*

**Ceist 4.** **(50 marc)**


**(a)** Cuirtear dioscaí coscáin ardfheidhmíochta faoi chóireálacha teasa amhail cruachan agus faghairt le linn dóibh a bheith á monarú.




**(i)** Tabhair breac-chuntas ar an gcuspóir atá leis an diosca coscáin a thaispeántar a chruachan **agus** a fhaghairt.

**(ii)** Déan cur síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar phróiseas oiriúnach teaschóireála cruachana le haghaidh an diosca coscáin.

**(b)** Taispeántar cuid shimplithe den léaráid chothromaíochta iarainn is carbóin.




**(i)** Ainmnigh na réigiúin a bhfuil na lipéid **A**, **B**, **C**, **D** agus **E** orthu.

**(ii)** Mínigh conas a dhéantar ainéaladh ar chruach ina bhfuil 0.6% carbóin.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cruach charbóin 0.6% a ainéaladh.

**(c)** Freagair **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Mínigh na hiarmhairtí a bhíonn ag saotharchruachan ar ábhar.


**(ii)** Ainmnigh **dhá** ghuais sábháilteachta a bhaineann leis an bpróiseas lasairchruachana.

**(iii)** Idirdhealaigh idir pointe eoiteicteach agus pointe eoiteicteoideach.

**Ceist 5.** **(50 marc)**

**(a)** **(i)** Agus léaráid(í) mar chabhair agat, déan cur síos ar na céimeanna éagsúla a bhaineann le fás deindríteach le linn an phróisis soladaithe miotail.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an tionchar a bhíonn ag locht líne i gcriostalstruchtúr ábhair.




**(b)** Taispeántar sa tábla teochtaí soladaithe do chóimhiotail éagsúla de mhiotal **A** agus de mhiotal **B**.

| **% de mhiotal B sa chóimhiotal** | **0** | **10** | **20** | **30** | **40** | **50** | **60** | **70** | **80** | **90** | **100** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tús an tsoladaithe (°C)** | 270 | 332 | 400 | 445 | 492 | 524 | 552 | 580 | 603 | 618 | 630 |
| **Deireadh an tsoladaithe (°C)** | 270 | 272 | 280 | 300 | 318 | 340 | 368 | 404 | 449 | 510 | 630 |

Úsáid an grafpháipéar atá ar fáil agus:

**(i)** Tarraing léaráid na cothromaíochta de réir na sonraí a thugtar, **agus** lipéadaigh na línte leachtais agus soladais.

**(ii)** Déan sceitse den chuar fuaraithe don chóimhiotal ina bhfuil **30%** de mhiotal **B**, agus tagairt agat do na teochtaí soladaithe sa tábla thuas.

**(iii)** Luaigh pointe leáite mhiotal **A agus** pointe leáite mhiotal **B**.

**(c)** Freagair **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar an bprionsabal *cosaint íobartach* i dtaca le feirmeacha gaoithe amach ón gcósta.

**(ii)** Seachas cosaint íobartach, mol **dhá** mhodh oiriúnacha a d'fhéadfaí a úsáid chun cruach a chosaint ar éifeachtaí creimneacha a d'fhéadfadh a bheith sa timpeallacht.

**(iii)** Mínigh an fáth ar mó a luaitear struchtúir chriostalta chiúbacha éadanláraithe (FCC) le hinsínteacht (somhúnlaitheacht) i miotail.



**Ceist 6.** **(50 marc)**

**(a)** Rinneadh an t-umar brú a thaispeántar as leatháin de chruach dhosmálta, a rolltar ina cruth agus a tháthaítear ansin agus táthú tungstain támhgháis (TIG) á úsáid.



**(i)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil táthú tungstain támhgháis (TIG) oiriúnach leis an umar brú a thaispeántar a dhéanamh.

**(ii)** Agus léaráid(í) mar chabhair agat, déan cur síos ar phróiseas an táthaithe tungstain támhgháis (TIG).

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Mol modh oiriúnach le cosaint in aghaidh **gach ceann** díobh seo le linn stuatháthú miotail de láimh (MMA):

• Turraing leictreach • Diansolas • Múch ó tháthú.

**(ii)** Déan cur síos ar an bpróiseas a bhaineann le spot-táthú friotaíochta.

**(iii)** Mínigh, agus sampla á thabhairt agat, an téarma *támhghás* mar a úsáidtear é i dtáthú miotail támhgháis (MIG).

**(iv)** Ainmnigh Tástáil Neamhscriosach (NDT) oiriúnach chun póiriúlacht i dtáthuithe a scrúdú.


**(v)** Tabhair breac-chuntas ar an bhfeidhm atá ag an g*claochladán* i stuatháthú miotail de láimh (MMA).

**(c)** Agus léaráid(í) mar chabhair agat, cuir síos ar tháthú ocsaicéitiléine maidir le **gach ceann** acu seo:

- an trealamh a úsáidtear
- cineálacha lasracha
- gnéithe sábháilteachta comhtháite
- feidhmeanna.

**NÓ**

**(c)** Úsáidtear teicneolaíocht an Chian-amharciniúchta (RVI), amhail an róbat snámhaíola a thaispeántar, chun cabhrú le hinnealtóirí píblínte táthaithe a iniúchadh agus a dheisiú.



**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le róbait a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh ar phíblínte.

**(ii)** Ainmnigh **dhá** fheidhm fhéideartha eile a bhaineann le teicneolaíocht an Chian-amharciniúchta.

**Ceist 7.** **(50 marc)**

**(a)** Úsáidtear ábhair theirmeaplaisteacha amhail polapróipiléin agus PVC i monarú chlúdach an spóil osáin agus an phíobáin osáin a thaispeántar.

**(i)** Ainmnigh próiseas a úsáidtear chun an clúdach a mhonarú **agus** ainmnigh próiseas a úsáidtear chun an píobán osáin a mhonarú.

**(ii)** Agus léaráid(í) mar chabhair agat, déan cur síos ar an bprionsabal oibriúcháin a bhaineann leis an bpróiseas monaraithe a úsáidtear chun an píobán osáin a mhonarú.

**(iii)** Ainmnigh breiseán oiriúnach polaiméire a úsáidtear chun airíonna an phíobáin osáin a fheabhsú le haghaidh **gach ceann** acu seo a leanas:

- breis solúbthachta
- friotaíocht níos mó in aghaidh ghathanna UV.




**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Luaigh sampla oiriúnach **amháin** inar féidir táirge plaisteach a uaschúrsáil.

**(ii)** Mínigh an teocht athraithe gloine ag polaiméirí.

**(iii)** Déan cur síos ar an bpróiseas lannaithe polaiméire.


**(iv)** Agus léaráid(í) mar chabhair agat, tabhair breac-chuntas ar struchtúr inmheánach polaiméirí teirmithéachtacha.

**(v)** Déan cur síos ar an múnlú séidte mar phróiseas monaraithe.

**(c)** Sna tionscail uathghluaisneacha agus aeraspáis, úsáidtear bithphlaistigh go coitianta, amhail aigéad polalachtach (PLA), chun fréamhshamhlacha 3T a phriontáil.

**(i)** Mínigh an téarma *bithphlaisteach*.

**(ii)** Cuir síos ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann le teicnící fréamhshamhaltaithe mhear agus táirgí nua á ndearadh.



**Ceist 8.** **(50 marc)**

**(a)** Is féidir cásáil alúmanaim an tóirse láimhe a thaispeántar a chasadh ar dheil láir.

**(i)** Déan cur síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar **thrí** oibríocht a úsáidtear chun cásáil an tóirse a dhéanamh ar dheil láir.




**(ii)** Ainmnigh **dhá** thoisc a mbíonn tionchar acu ar bhailchríoch dhromchla ábhair agus meaisíniú á dhéanamh ar dheil.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Idirdhealaigh idir *foirmiú* agus *giniúint* agus meaisíniú á dhéanamh.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an gcuspóir a bhaineann le roth líofa a *chothromú*.

**(iii)** Agus léaráid(í) mar chabhair agat, mínigh an *uillinn scóipe* agus an *uillinn sciota* ar uirlis ghearrtha aonphointeach.

**(iv)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le crágán maighnéadach a úsáid ar mheaisín líofa dromchla.

**(v)** Mínigh an difríocht idir *poll leacaithe* agus *poll fritollta* agus druileáil á déanamh.

**(c)** Taispeántar córas séalaithe bealaithe don seafta rothlach i meaisín gearrtha miotail.





**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a n-úsáidtear córas séalaithe bealaithe sa seafta rothlach a thaispeántar.

**(ii)** Ainmnigh **dhá** bhealadh **ar bith** a úsáidtear go coitianta agus meaisíniú á dhéanamh.

**NÓ**

**(c)** Is féidir meaisíní muilleála CNC agus meaisíní gearrtha léasair araon a úsáid chun próifílí agus dearaí mionsonraithe a chruthú ar ábhair éagsúla.




**(i)** Mínigh an difríocht idir meaisín muilleála CNC agus meaisín gearrtha léasair.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghné sábháilteachta a bhíonn comhtháite i meaisíní monaraithe ríomhairithe.

**Ceist 9.** **(50 marc)**

**(a)** Sna doirse sleamhnáin a thaispeántar úsáidtear meicníocht innealta ulóige agus creasa chun na doirse a oscailt agus a dhúnadh go huathoibríoch.



**(i)** Cuir síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar an gcaoi a n-osclaíonn agus a dhúnann an mheicníocht ulóige agus creasa na doirse.

**(ii)** Cuir síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar mheicníocht mhalartach a úsáidtear chun na doirse a oscailt agus a dhúnadh.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar oibriú Friotóra Solas-spleách (LDR).



**(ii)** Ainmnigh an mheicníocht a thaispeántar thall **agus** luaigh úsáid oiriúnach **amháin** don mheicníocht.

**(iii)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le giaranna héiliciúla a úsáid thar sporghiaranna.

**(iv)** Tabhair breac-chuntas ar oibriú meicníochta cráige.

**(v)** Agus léaráid(í) mar chabhair agat, cuir síos ar phrionsabal oibriúcháin athsheachadáin.

**(c)** Feistítear úmacha sábhála saincheaptha i suíocháin i gcarranna rásaíochta.



**(i)** Cuir síos ar **dhá** ghné riachtanacha a bhaineann le húim shábhála a dhearadh do thiománaí cairr rásaíochta.

**(ii)** Mol ábhair oiriúnacha a úsáidtear chun úim shábhála a mhonarú do thiománaí cairr rásaíochta. Tabhair cúis leis an rogha ábhair a rinne tú.

**NÓ**

**(c)** Tá na córais rialaithe soilsithe á n-uasghrádú i scoileanna agus i bhfoirgnimh phoiblí, agus soilse LED agus braiteoirí gluaisne éighníomhacha infridhearga (PIR) á gcur isteach iontu.



**(i)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le soilse LED a úsáid.

**(ii)** Ainmnigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le braiteoirí gluaisne éighníomhacha infridhearga (PIR) a úsáid i bhfoirgnimh scoile.

Ardteistiméireacht 2024 – Ardleibhéal

# Innealtóireacht – *Ábhair agus Teicneolaíocht*

Déardaoin 6 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:30

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
**State Examinations Commission**

# Leaving Certificate Examination, 2024

# Engineering - Practical

(150 marks)

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2024. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2024. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2024. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 2 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 3 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 7 | U-Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 10 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 4, 5, 6, 8 and 9 have been made prior to examination day.
Using the screws supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission



# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

## Innealtóireacht - Praiticiúil
(150 marc)

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2024. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2024. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2024. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 2 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 3 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 7 | U-Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 10 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 1, 4, 5, 6, 8 agus 9 roimh lá an scrúdaithe.
Agus tú ag baint úsáide na scriúnna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.


**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**


Lá 1
Day 1


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

2024. M74A(L 1)









Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:

Write your Examination Number in this box:




Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.


Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.




THALL
OVER →


SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL







SECTION A-A




ASSEMBLY DETAILS
SONRAÍ CÓIMEÁLA

THALL
OVER →

**Day 1, 2 and 3**

2024. M74A

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2024

# Engineering - Practical

(150 marks)

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2024. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2024. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2024. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 2 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 3 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 7 | U-Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 10 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 4, 5, 6, 8 and 9 have been made prior to examination day.
Using the screws supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**Lá 1, 2 agus 3**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2024. M74AT

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

## Innealtóireacht - Praiticiúil

(150 marc)

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2024. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2024. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2024. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 2 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 3 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 7 | U-Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 10 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 1, 4, 5, 6, 8 agus 9 roimh lá an scrúdaithe.
Agus tú ag baint úsáide na scriúnna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.

**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**

Lá 2
Day 2


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
## LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

2024. M74A(L1)





Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:


Write your Examination Number in this box:




Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.








THALL
OVER


SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL


2024. M74A(L2)




SECTION A-A




ASSEMBLY DETAILS
SONRAÍ CÓIMEÁLA

THALL
OVER

**Day 1, 2 and 3**

2024. M74A

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2024

# Engineering - Practical

(150 marks)

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2024. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2024. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2024. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 2 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 3 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 7 | U-Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 10 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 4, 5, 6, 8 and 9 have been made prior to examination day.
Using the screws supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission



# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

## Innealtóireacht - Praiticiúil

(150 marc)

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2024. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2024. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2024. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 2 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 3 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 7 | U-Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 10 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |

**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 1, 4, 5, 6, 8 agus 9 roimh lá an scrúdaithe.
Agus tú ag baint úsáide na scriúnna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.


**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**

Lá 3
Day 3


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

2024. M74A(L 1 )


1





4 2 OFF DE DHÍTH





6 2 OFF DE DHÍTH





2 2 OFF DE DHÍTH





7




3




5





Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:
Write your Examination Number in this box:




Cuir an scrúdpháipéar seo agus an trialphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.


8





9




10








THALL
OVER


SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL







SECTION A-A




ASSEMBLY DETAILS
SONRAÍ CÓIMEÁLA

THALL
OVER →